# Eacnamaíocht Bhaile

## Moltaí le haghaidh am gairmiúil

Am gairmiúil do mhúinteoirí – is am é seo nach mbíonn teagmháil le scoláirí ina mbeidh múinteoirí páirteach i réimse de ghníomhaíochtaí gairmiúla agus comhoibríocha chun tacú le cur i bhfeidhm na sraithe sóisearaí. Tabharfaidh an t-am sin deis do mhúinteoirí dul i gceann gníomhaíochtaí féideartha, sna réimsí seo a leanas:

- Gníomhaíochtaí gairmiúla don Scoil Uile chun cabhrú leis an tSraith Shóisearach
- Gníomhaíochtaí gairmiúla múinteoirí aonair agus roinn ábhair

Sa doiciméad seo faightear liosta moltaí ar bhealaí ab fhéidir le múinteoirí Eacnamaíocht Bhaile an 22 uair d'am gairmiúil leithdháilte a úsáid. Clúdaítear sna moltaí deiseanna le haghaidh múinteoirí aonair chomh maith le gníomhaíochtaí don roinn ábhair.

Is den tábhacht go n-aithnítear go mbeidh riachtanais agus tosaíochtaí difriúla ag gach ábhar, níl sna moltaí thíos ach é sin go díreach, moltaí. Is faoi gach scoil, roinn ábhair agus múinteoir aonair an 22 uair d'am gairmiúil a shocrú ar bhealach a oibríonn dóibh féin.

**Gníomhaíochtaí gairmiúla don Scoil Uile chun tacú leis an tsraith shóisearach -**

- Ceastóireacht i measc na scoile uile ar an gCreat don tSraith Shóisearach 2015

- Seisiúin phlé agus cruinnithe don scoil uile ar impleachtaí an Chreata ar theagasc agus foghlaim agus cleachtas measúnaithe

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE for teachers

# Am Gairmiúil do Mhúinteoirí Eacnamaíocht Bhaile

## a. Ar bhonn aonair - Pleanáil le haghaidh foghlaim scoláirí

- Plé le gach gné den tsonraíocht
- Dul i dtaithí ar na 3 snáitheanna agus ar na 4 gnéithe sa tsonraíocht don Eacnamaíocht Bhaile
- Na torthaí foghlama (TFanna) a fhiosrú
  Na briathra gnímh sna TFanna a shainaithint agus na deiseanna foghlama agus measúnaithe a d'fhéadfadh teacht as na TFanna a fhiosrú
- Smaointe a fhorbairt maidir le measúnú foirmitheach
- Tosú ag bailiú nó ag cruthú acmhainní a chabhróidh le foghlaim scoláirí in Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí

## b. Mar Roinn – Pleanáil le haghaidh foghlaim scoláirí

- Bealaí agus prótacail a chruthú a leagann amach cén chaoi atá sibh chun obair a dhéanamh le chéile mar roinn
- Cruinnithe roinn ábhair a eagrú chun TFanna a phlé
- Na deiseanna foghlama féideartha trasna na snáitheanna agus na ngnéithe a fhiosrú
- Na TFanna a roghnú agus a spíonadh amach ina sonraítear an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna atá le forbairt
- Aonaid foghlama a cheapadh a chuireann le smaointeoireacht incriminteach agus le foghlaim chomhtháite agus a thugann deiseanna chun smaointeoirí criticiúla cruthaitheacha agus fuascailteoirí fadhbanna a fhorbairt
- Deiseanna a aithint le haghaidh comhoibrithe agus cleachtais agus acmhainní a roinnt
- Plé conas is féidir tacú leis an bhfoghlaim ag úsáid measúnú foirmitheach agus suimitheach

## c. Tacaí leanúnacha le haghaidh Forbairt Ghairmiúil

- An Creat don tSraith Shóisearach (2015), Sonraíocht Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí, Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe agus an Doiciméad Eolais don Eacnamaíocht Bhaile a léamh agus a mheas
- Féachaint in bhur n-aonar agus / nó mar roinn, ar ábhair *Uirlisí Measúnaithe* an CNCM atá ar fáil ar www.ncca.ie. Tá na hacmhainní ceaptha lena n-úsáid ar bhealach solúbtha thart ar cheithre thopaic: Intinní foghlama agus critéir ratha, Ceistiú éifeachtach, Aiseolas foirmitheach agus An Scoláire ag machnamh ar a chuid foghlama.
- Fanacht ar an eolas trí leathanach Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí agus muid ag cur go leanúnach leis na hacmhainní tacaíochta do mhúinteoirí ar www.jct.ie agus á roinnt ar Twitter @jctHomeEc